C/2024/7276

4.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11625 – EPCG / IDS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7276)

1. An 26 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EP Group, a.s. ('EPCG', Poblacht na Seice), faoi rialú Daniel Křetínsky, náisiúnach de Phoblacht na Seice,

— International Distribution Services Plc ('IDS', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh EPCG rialú ar IDS ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 29 Bealtaine 2024.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta atá á rialú ag an Uasal Křetínský é EPCG. Tá leasanna ag an Uasal Křetínský i gcuideachtaí atá gníomhach ar fud na hEorpa in earnálacha amhail fuinneamh, bonneagar, bia, lóistíocht, na meáin agus ríomhthráchtáil,

— Is é IDS cuideachta sealbhaíochta an Royal Mail Group, a sholáthraíonn seirbhísí poist agus seachadta sa Ríocht Aontaithe, agus General Logistics Systems B.V., soláthraí idirnáisiúnta seirbhísí seachadta pacáistí beaga.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11625 – EPCG / IDS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').